

Raic

Máire Uí Dhúfaigh

An Chéad Eagrán 2015
© Máire Uí Dhufaigh 2015

ISBN 978-1-909907-60-7

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

*Tá Leabhar Breac buíoch d'Fhoras na Gaeilge
as coimisiún a bhronnadh ar údar an leabhair seo.*



Foras na Gaeilge

*Tugann Foras na Gaeilge
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*



*Tugann an Chomhairle Ealaíon
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

Caibidil 1

INA SEASAMH ar bhóthar na céibhe a bhí Caitriona lena col ceathrar Bríd. Bhí siad ag faire ar an mbád farantóireachta, *Bannrion an Oileáin*, agus í ag déanamh a bealaigh trasna an chuain go dtí Oileán na Leice.

‘Bhí mé ag cuimhneamh, a Bhríd ... bhí mé ag déanamh iontais, an mbeidh sé athraithe mórán? Nó an mbeidh sé mar a bhí sé i gcónaí?’ a dúirt Caitriona.

‘Cén duine?’

‘Séamas. Tá sé dhá bhliain ó chonaic mé é.’

‘Tá a fhios agam.’

‘Ar chaoi eicínt, níl tada i mo chloigeann ó mhaidin ach...’

‘Séamas! Nach bhfuil a fhios agam go maith. Ach, a Chaitriona, ná bí ag súil le mórán. Is cuma cé chomh mór le chéile agus a bhí sibh an samhradh sin, is iontach an t-achar é dhá bhliain.’

‘Nach bhfuil a fhios agam go maith gurb ea. Agus cheap mé go raibh sé uilig dearmadta agam. Ach nuair a tháinig an téacs sin ar maidin, thuig mé nach raibh.’

Ar nós na gcairde eile a d’fhág sé ina dhiaidh in Éirinn, bhíodh Caitriona i dteagmháil le Séamas Jim ar Facebook ó chuaigh sé le cónaí in éineacht lena athair i gCeanada. Ach, taobh amuigh de sin, ní raibh aon chaidreamh eatarthu ó d’fhág Séamas an baile. Bhí a fhios ag Caitriona óna leathanach Facebook go raibh sé in Éirinn anois le seachtain agus go raibh jab faighte aige leis an gcomhlacht nua tumadóireachta a bhí bunaithe in Oileán na Leice. Ach is ó Iain Mac Giolla Easpaig a chuala sí go mbeadh Séamas ag teacht abhaile ar bhád an tráthnóna sin. Bhí sí cineál diomúch nár chuir Séamas aon scéala chuici féin. Ach, arís ar ais, cén fáth a gcuirfeadh? B’fhíor do Bhríd. Chaithfeadh sí a chur i gcuimhne di féin go raibh dhá bhliain caite agus saol nua ag Séamas anois thall i gCeanada. Saol nach raibh a fhios aicise tada faoi, agus nár bhain léi beag ná mór.

‘Beidh me ar bhad an trathnóna,’ a dúirt Iain sa téacs a sheol sé chuici an mhaidin sin. *‘Seamas ag taisteal liom. Ag suil le failte ui cheallaigh ar an gceibh!’*

Ba as cathair na Gaillimhe é Iain Mac Giolla Easpaig, cé go mbíodh teach saoire ag a mhuintir in Oileán na Leice tráth. Bhí aithne mhaith ag Iain ar a chomh-aoiseacha san oileán agus roinnt cairde buana déanta aige ann. Bhí sé de nós aige castáil le Caitriona aon uair

a dtéadh sí isteach go Gaillimh. Chuir sé in aithne dá thuismitheoirí í agus bhíodh fáilte roimpi i gcónaí tigh Mhic Giolla Easpaig ar Bhóthar Loch an tSáile. Deireadh Caitriona go raibh Iain ar nós an deartháir nach raibh aici riamh, ach a theastaigh uaithi ó bhí sí ina cailín beag bídeach.

‘Ar dhúirt Iain cá mbeidh sé ag fanacht?’ a d’fhiafraigh Bríd de Chaitriona anois. ‘Nár dhíol siad an teach a bhíodh acu anseo?’

‘Dhíol. Is dóigh gur sa mBrú a bheas sé. Níor chuimhnigh mé fiafraí de. Ach is ann a d’fhan sé féin agus a dheartháir nuair a bhí siad anseo faoi Cháisc.’

‘Is dóigh go n-airíonn sé uaidh an teach.’

‘D’fhéadfá a rá go n-airíonn. Bhí a chroí briste nuair a díoladh é.’

Agus ansin bhí an bád farantóireachta le céibh agus an rírá tosaithe. Bhí criú an bháid ag fógairt ar a chéile, rópaí á gcaitheamh amach, ansin á gceangal agus á ndaingniú. Siúd síos an chéibh leis an mbeirt chailín. Faoin am seo bhí carranna, mionbhusanna agus tarracóirí ag déanamh a mbealach síos chomh maith — oileánaigh ag castáil le gaolta nó le cuairteoirí a bhí ar bord.

‘Tá an bád plódaithe,’ a dúirt Bríd agus í ag breathnú go grinn ar na paisinéirí a bhí ag teacht amach. ‘Ní cuimhin liom go mbíodh an oiread seo daoine ag teacht chuig an oileán!’

‘Bíonn sé mar seo anois go hiondúil tráthnóna Dé hAoine,’ a deir Caitriona.

‘Breathnaíonn sé go bhfuil an-tóir ag na turasóirí ar an áit,’ arsa Bríd.

‘Tá ... chomh fada agus go mbíonn an aimsir réasúnta. Ach nuair a bhíonn an fharraige garbh, ní fheiceann tú mórán acu.’

Sheas na cailíní siar as an mbealach, a ndroim le balla cosanta na céibhe acu agus iad ag faire ar na turasóirí a bhí ag teacht i dtír. Tháinig bean amach le giotár ar a droim aici, fear lena taobh agus bosca ceoil aige. Taobh thiar díobh sin bhí grúpa d’fhir agus de mhná scafánta, aclaí, bróga siúil agus treabhsair gearra orthu agus iad ag brú a gcuid rothair rompu amach. Ina ndiaidh siúd tháinig triúr fear meánaosta a raibh strus agus anró an tsaoil le tabhairt faoi deara ina n-iompar agus ina ngrua agus ar léir óna ndreach gur beag ama a chaitheadar amuigh faoin aer. Ansin tháinig na gnáthghrúpaí spleodracha, daoine sna fichidí agus sna tríochaidí a bhí meallta ag an gceol agus ag an gcaic a bhíodh sna tithe tábhairne agus san óstán le linn an tsamhraidh.

‘Breathnaigh orthu sin thall lena gcuid *six packs*,’ arsa Bríd agus í ag tarraingt aird Chaitriona ar ghrúpa lads a bhreathnaigh chomh hóg is nach ligfí isteach in aon teach tábhairne iad. Bhí siad ag béiceadh agus ag pleidhcíocht, ag dul sa mbealach ar na paisinéirí eile a bhí ag déanamh a mbealach amach as an mbád.

‘Tá braon maith ólta acu sin cheana féin,’ a deir Caitriona.

Ní raibh aon tuairisc fós ar Iain ná ar Shéamas ach, leis an ngleo agus an rír a bhí anois ar an gcéibh, d’fhéadfadh a gcairde a bheith tagtha amach i ngan fhios do na cailíní.

‘An ngabhfaidh Séamas abhaile i mBus an Phobail, meastú? Nó an bhfuil duine eicínt tagtha anuas le castáil leis?’ a d’fhiafraigh Bríd de Chairtriona.

‘An bhfeiceann tú an carr sin atá thíos ar bharr na céibhe? An ceann dearg. Sin é carr a mháthair.’

‘Nár cheart dúinne a bheith thíos ansin chomh maith? Nach síos chuig an gcarr a rachaidh na lads chomh luath agus a thiocfaidh siad amach?’

‘Is dóigh gurb ea. Ach ...’ Stop Caitriona soicind. Ní raibh sí cinnte cén chaoi ab fhearr leis an rud a bhí le rá aici a chur.

‘Bheadh cineál drogall orm,’ a dúirt sí ansin. ‘Níl máthair Shéamais ... níl sí ag caint linne, bhuel, le Daid ná le Mam, níos mó.’

‘Ní raibh a fhios agam é sin! Níl siad ag caint le chéile ar chor ar bith!’

Ach ansin bhí Iain Mac Giolla Easpaig ag déanamh orthu agus mála mór ar a dhroim aige.

‘Haigh, a chailíní. Cén chaoi a bhfuil sibh? Ní raibh mé cinnte an dtiocfadh sibh anuas! Tá sé iontach tú a fheiceáil arís, a Bhríd. Ach an gcreidfeá go ndeachaigh tú

ó aithne orm ansin ar feadh soicind. D'athraigh tú do ghruaig ó chonaic mé cheana thú. Ach is maith liom an stíl nua. Agus an dath. Feileann sé thar cionn duit.'

Gruaig an-ghairid, dlúth a bhí ar Bhríd agus í daite fionn aici.

'Go raibh maith agat, a Iain.'

D'fhiafraigh Iain di ansin an raibh sé i bhfad ó tháinig sí go hOileán na Leice.

'Dé Domhnaigh seo caite a tháinig mé. Ach beidh mé anseo an chuid eile den samhradh. Beidh mé ag fanacht ag Mamó. Tá an bhean bhocht scuabtha ag na scoilteacha le tamall.'

'Bhí Caitriona á rá sin an lá cheana. Agus bhí sí ag rá go bhfuil tusa ag cuimhneamh ar dhul le banaltracht. Seo bealach le rud beag cleachtadh a fháil roimh ré.'

'Is fíor dhuit. Ach cá'il Séamas, a Iain? Cheap mé go raibh sé in éineacht leat.'

'Tá sé ag cur a chuid bagáiste sa gcarr,' arsa Iain. 'Ní chreidfeá ach an méid stuif atá aige! Bhí mé ag rá leis gur leoraí a bheadh uaidh in áit cairr.'

'Ab in le rá go mbeidh sé anseo an samhradh ar fad?'

'Beidh sé ann níos faide ná sin! Beidh sé ag dul chuig an scoil anseo sa bhFómhar.'

'Ach cheap mé go raibh sé críochnaithe leis an scoil. Nach bhfuil sé dhá bhliain ó d'imigh sé anonn?'

'Cibé céard é an scrúdú sin a bhíonn acu i gCeanada, nuair a bhíonn siad ag críochnú, tá sé sin déanta aige,

ceart go leor. Ach theastaigh uaidh go mbeadh an Ardteist aige chomh maith.’

Ní raibh Caitriona ag glacadh páirt ar bith sa gcomhrá seo. Ach ní hin le rá nach raibh cluais éisteachta uirthi agus í ag cur an-suim go deo sa méid a bhí á rá ag Iain. Bhí Séamas ag fanacht ... ní bheadh sé ag bailiú leis chomh luath agus a bheadh an samhradh thart! D’athródh sé sin cúrsaí! Bhreathnaigh sí síos uaithi, go dtí an áit a raibh an carr dearg páirceáilte ag barr na céibhe. Cheap sí go bhfaca sí cúl a chinn. Ach ní fhéadfadh sí a bheith cinnte. Dhírigh sí a haird ar Iain arís.

‘Bhí muid ag déanamh iontais ar ball cá mbeifeása ag fanacht,’ ar sise lena cara. ‘Sa mBrú arís, ab ea?’

‘Ní hea. Nach bhfeiceann tú an cuaille de mhála atá agam? Ag campáil atá mé. Bhí chuile shúil ag Séamas go bhfanfainn sa teach acusan. Ach níor mhaith liom, nuair atá sé an t-achar sin ó bhí sé ag baile cheana. Déanfaidh an t-ionad campála mé, go háirithe nuair nach bhfuil agam ach na cúpla lá. Caithfidh mé imeacht arís Dé Luain, tá a fhios agat.’

‘An bhfuil jab samhraidh agat i nGaillimh?’ a d’fhiafraigh Bríd de.

‘Muise níl ... faraor géar. Ní raibh mé in ann aon cheo a fháil. Tar éis gur shiúil mé an baile mór.’

Bhí Caitriona diomúch nuair a chuala sí nach mbeadh Iain ag fanacht thar chúpla lá. Ní bhíodh sí á fheiceáil chomh minic agus ba mhaith léi ó tharla nach raibh an

teach saoire san oileán ag a thuismitheoirí níos mó.

‘Ach beidh mé ar ais arís i lár na seachtaine,’ a dúirt Iain ansin. ‘Níl ann ach go gcaithfidh mé cúpla....’

Stop Iain ag caint nuair a chonaic sé an carr dearg ag dul tharstu go mall agus Séamas suite sa suíochán tosaigh ann. Chuir Séamas síos an fhuinneog.

‘Cén chaoi bhfuil sibh, a chailíní? Breathnaigh, tá deabhadh ar Mham anois ach feicfidh mé thart sibh.’ Agus ansin bhí sé imithe!

Ní raibh a fhios ag Caitriona cé acu ina suí nó ina seasamh a bhí sí. Ní raibh smid aisti ar feadh soicind.

‘*Tá deabhadh ar Mham,*’ ar sise, faobhar ina guth, agus í ag déanamh aithrise ar Shéamas. ‘Sea, tá an oiread deabhadh uirthi is nach bhfuil am agatsa ‘haló’ ceart a rá le do chairde! Cairde nach bhfaca tú le blianta.’

‘Is mar gheall ormsa atá sé,’ a dúirt Bríd. ‘Ní raibh aon súil aige go mbeinn anseo. Is dóigh go raibh sé ag iarraidh labhairt leatsa asat féin.’

‘Ní hin é é ar chor ar bith, a Bhríd,’ a deir Caitriona. ‘Dhéanfadh sé an rud céanna dá mbeinn i mo sheasamh anseo liom féin. Is í an mháthair sin aige is ciontaí.’

Ba léir go raibh cuthach dhearg ar Chaitriona. Thosaigh sí ag sciolladh agus ag feannadh.

‘An chailleach! Ní labhróidh sí beag ná mór le Mam ná Daid. Agus anois, níl sí ag iarraidh Séamas a ligean i bhfoisceacht scread asail díomsa. An bhfaca tú, a Bhríd, an chaoi a raibh sí ag caitheamh drochshúile orainn

níos túisce agus í ag imeacht tharainn sa gcarr?’

‘Caithfidh mé a rá nár thug mé tada faoi deara,’ arsa Bríd. ‘Agus, ar aon chaoi, is deacair liom a chreidiúint go dtabharfadh Séamas an oiread sin airde ar a mháthair. Nach bhfuil sé ocht mbliana déag?’

‘Ann is as,’ a dúirt Caitríona. ‘Ach tá dul amú ort, a Bhríd. Thabharfadh sé aird uirthi. Anois ... anocht, nuair nach bhfuil sé ach díreach tar éis a theacht abhaile.’

‘Mar a dúirt mé cheana, ba chóra domsa a bheith fanta ag baile,’ a deir Bríd agus í ag baint croitheadh as a guailí.

Thosaigh an triúr ag siúl suas go dtí Bóthar na Céibhe, gan mórán foinn chainte ar aon duine acu anois. Bhí formhór na gcuariteoirí bailithe leo faoi seo agus bhí an brú tráchta laghdaithe go mór. Níor theastaigh ó Chaitríona a bheith ag pusaireacht ach bhraith sí go raibh an mhaith uilig bainte as an tráthnóna. Níor thuig sí go dtí sin cé chomh mór agus a bhí sí ag súil le Séamas a fheiceáil arís. Bhí ualach ar a croí faoi gur bhailigh sé leis mar sin.

Labhair Iain ar deireadh: ‘Breathnaigh anseo nóiméad, a Chaitríona. Ní cheapfainnse go raibh aon urchóid sa rud a tharla ... theastaigh síob go géar ó Shéamas agus tharla sé go raibh deifir ar a mháthair. Sin uile a bhfuil ann. Tá mé cinnte go bhfeicfidh muid ar ball é.’

Nuair nach raibh gíog ná geaig as ceachtar de na cailíní, tharraing Iain anuas scéal eile ar fad: ‘Mo

chuimhne, a chailíní. Insígí dom faoin gcaic a bhí agaibh anseo le deireanas!

‘Faoin ór atá i dtaisce san oileán?’ a dúirt Bríd.

‘Sea. Tá an oiread cainte déanta faoi. Fiú agus muid ar an mbád tráthnóna ba é an príomhábhar comhrá é.’

‘Tabhair craic air,’ arsa Caitríona agus í ag déanamh gáire. ‘Ní fhaca tú a leithid riamh i do shaol. Is é an trua nach raibh tú anseo. Cheapfá gur daoine ‘mór le rá’ a bhí ionainn. Paparazzi ag iarraidh agallamh a dhéanamh linn agus pictiúirí a thógáil dínn. Ní fhéadfá a dhul taobh amuigh den doras gan duine acu a bheith ag sá micreafóin nó ceamara isteach i do phus. ‘An bhfuil aon rud cloiste agatsa faoi thaisce an *Philip Goodby*? Cén áit, dar leatsa, a bhfuil an t-ór curtha i bhfolach?’

D’fhiafraigh Iain de Chaitríona cén freagra a thug sí féin ar na hiriseoirí.

‘Dúirt mé leo go raibh ór agus meall rudaí luachmhara eile faighte i bhfad, i bhfad ó shin agus gur cuireadh i bhfolach faoin ngaineamh thíos ar an trá iad. Ach ansin gur tháinig ‘aliens’ agus gur thugadar leo a raibh ann.’

Lig Iain air féin go raibh alltacht air: ‘A Chaitríona Ní Fhlatharta! Ní chreidim go ndéarfá é sin!’

‘Ach dúirt. Fiafraigh de Ruth. Bhí sise in éineacht liom.’

‘Tá an diabhal ort! Ní haon iontas gur sa mbosca bruscair a chuaigh an píosa sin den taifeadadh.’

‘Ach meas tú an bhfuil sé ann i ndáiríre píre?’ a

d'fhiafraigh Bríd den bheirt eile. 'An bhfuil a leithid de rud ann le Taisce Oileán na Leice?'

'Nach bhfuil a fhios agat go breá nach bhfuil,' a deir Caitriona agus í ag déanamh scigmhagaidh den rud ar fad. 'Lá na n-Amadán, an chéad lá d'Aibreán, a bhí ann nuair a thosaigh an scéal ag dul thart i dtosach. Ach caithfidh mé a rá mar sin féin gur iontach go deo an plean é le turasóirí a mhealladh isteach san oileán. An bhfaca sibh chomh plódaithe agus a bhí an bád anocht? Is dóigh go raibh metal detectors ag a leath!'

'Ós ag caint ar na metal detectors muid,' a dúirt Iain. 'Tá ceann acu faighte ag Séamas.'

'Is beag an mhaith a dhéanfas sé dhó,' a deir Caitriona. 'Leis an méid cuartú atá déanta, dá mbeadh taisce ann bheadh sí faighte i bhfad ó shin. Níl orlach den oileán nár cuardaíodh.'

'Ach caithfidh sé go bhfuil áit eicint nár cuardaíodh fós.'

'Tá mé ag rá leat nach bhfuil!'

'Bhuel, ar a laghad ar bith,' a dúirt Bríd, 'tá craic eicint san oileán dá bharr. Tugann sé ábhar cainte eile do na daoine, taobh amuigh den aimsir. Agus, mar a dúirt Caitriona, tarraingíonn sé turasóirí chuig an áit.'

Nuair a bhí sí níos óige, thaitníodh le Bríd a bheith ag teacht go hOileán na Leice, áit ar rugadh agus ar tógadh a hathair, Maitiú. B'fhada léi i gcónaí nó go dtiocfadh saoire an tsamhraidh. Ach anois, agus í níos sine, ní

raibh an tsuim chéanna aici san oileán. De bharr na ceana a bhí aici ar a seanmháthair, thairg sí an samhradh a chaitheamh ag breathnú amach di. Ach ní raibh aon leisce uirthi a admháil gurbh fhearr léi go mór fada a bheith i mBaile Átha Cliath. Cailín cathrach a bhí inti agus bhraith sí go bhféadfadh cúpla mí fhada, leadránach a bheith amach roimpi.

Is ansin a chuimhnigh Iain ar an bpáipéar nuachta a bhí ina mhála aige. Agus iad ag réiteach leis an gcathair a fhágáil an tráthnóna sin, ghlaigh a mháthair ar Shéamais. D'iarr sí air eagrán na seachtaine den pháipéar *Nuacht an Chuain* a cheannach di. Chuala sí go raibh scéal eicínt ann faoi 'Thaisce Oileán na Leice', mar a bhí na hiriseoirí ag tabhairt uirthi. Sháigh Iain an páipéar ina mhála féin ag an am agus is ann a d'fhan sé ó shin. Anois leag sé a mhála ar an gcláí agus tharraing sé amach an páipéar.

'Seo,' a dúirt sé agus shín an páipéar chuig Caitriona. 'Tá rud eicínt ceaptha a bheith anseo faoin taisce. Léigh amach dúinn é, maith an bhean.'

'Tá sé ann ceart go leor,' a deir Caitriona. 'Agus é ar an gcéad leathanach murar mhiste leat.'

Thosaigh Caitriona ag léamh:

In alt a foilsíodh sa nuachtán seo roinnt míonna ó shin, tugadh le fios den chéad uair go raibh an *Philip Goodby*, long Sasanach a scrios toirpéid

Gearmánach le linn an dara cogaidh domhanda, aimsithe i gcuan na Gaillimhe. Aimsíodh an long i ndoimhneacht uisce 800 méadar, ó thuaidh d'Oileán na Leice. Spreag ár dtuairisc spéis an phobail i gcian is i gcóngar, go háirithe toisc go raibh an *Philip Goodby* ag iompar lastais phlatanaim agus óir nuair a chuir fomhuireán go tóin poill í. Is é platanam an miotal is luachmhaire sa domhan faoi láthair.

Tá casadh eile sa scéal anois, áfach, mar a léiríonn an ráiteas seo a leanas atá díreach eisithe ag Taighde Grinnill Teoranta, an comhlacht a bhfuil cearta tarrthála ar an *Philip Goodby* acu.

‘Tar éis suirbhé cuimsitheach a bheith déanta ar an *Philip Goodby*, is mian linn a fhógairt go poiblí anois go bhfuil sé tagtha chun solais go rabhthas ag baint go mídhleathach leis an raic mara. De réir lastliosta an *Philip Goodby*, bhí ór agus platanam ar bord nuair a d’fhág an long calafort Cape Town ar a bealach go Londain. Léirigh an suirbhé go bhfuil an lastas iomlán platanaim fós ar bord. Is oth linn a rá, áfach, nach bhfuil an lastas óir ar bord a thuilleadh. Tá fianaise ann gur sna míonna ó bronnadh na cearta tarrthála ar Taighde Grinnill Teoranta a tógadh an lastas luachmhar seo go mídhleathach. Tá luach saothair substaintiúil á thairiscint anois ag

Taighde Grinnill Teoranta do bhaill den phobal a thabharfaidh aon eolas ábhartha dóibh i leith na gadaíochta sin.’

Dhiúltaigh an comhlacht Taighde Grinnill Teoranta a rá le *Nuacht an Chuain* cén luach óir go díreach a bhí ar bord an *Philip Goodby* nuair a scriosadh í, ach cuimhneoidh ár léitheoirí go bhfuarthas luach 150 milliún d’airgead ar bord an *SS Gairsoppa*, galtán Sasanach a aimsíodh amach ó chósta na hÉireann roinnt blianta ó shin.

Dhiúltaigh An Garda Síochána a rá an mbeidh siadsan ag déanamh fiosrúcháin maidir leis an lastas fíorluachmhar seo atá ar iarraidh anois. De bharr go bhfuil sí faoi bhun céad bliain d’aois is cosúil nach bhfuil cosaint ag an *Philip Goodby* faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1987.

‘An-spéisiúil,’ a deir Iain agus straois air nuair a bhí an píosa léite amach ag Caitriona. ‘Anois, a Chaitriona, cé aige a raibh an ceart?’

‘Níl siad ach ag rá anseo gur tógadh ... gur goideadh, ór as an soitheach. Ach níl siad ag rá gur in Oileán na Leice atá sé anois. Nach bhféadfadh sé a bheith in áit ar bith sa domhan faoi seo?’

‘Cuimhnigh i gceart air,’ a dúirt Bríd. ‘Tá duine eicint tar éis a shaibhreas a dhéanamh! Duine eicint anseo in Oileán na Leice, b’fhéidir!’

‘Ní fhaca mé aon duine thart anseo a raibh cuma an tsaibhris air,’ a deir Caitríona.

Dúirt Bríd nár mhór don duine nó do na daoine a bhí i gceist a bheith an-chúramach.

‘Ar nós dreamanna a bhuaigh an Lotto. Chomh luath agus a fhaigheann daoine amach go bhfuil siad saibhir, bíonn siad á gcrá. Chonaic mé clár ar an teilifís faoi le deireanas. Ach, dar ndóigh, sa gcás seo againne, ó tharla an dlí a bheith briste acu, bheadh an scéal seacht n-uaire níos measa.’

Ach dar le hIain ba bheag an mhaith do dhuine meall airgid a bheith aige mura bhféadfadh sé an t-airgead sin a chaitheamh.

‘Is fíor dhuit,’ a deir Caitríona leis. ‘Ach tá bealach timpeall air sin. D’fhéadfadh duine bailiú leis as an tír ar fad agus a ainm a athrú.’

D’aontaigh Bríd gur plean an-mhaith a bheadh ann. Áit a mbeadh an ghrian i gcónaí ag scairteadh ann. Sin é an sórt a roghnódh sí féin, a dúirt sí.

‘Agus mise chomh maith,’ arsa Caitríona.

Ní bheadh aon locht aige féin air sin, a dúirt Iain, chomh fada is go mbeadh a ghaolta agus a chairde in ann a theacht in éineacht leis. Thóg sé an páipéar ó Chaitríona agus sháigh sé ina mhála é.

‘Caithfidh mé cuimhneamh é seo a thabhairt do Shéamas nuair a fheicfeas mé é,’ a dúirt sé. ‘Ach coinneoidh mise orm anois, a chailíní. An mbeidh sibh thart ar ball?’

Dúirt an bheirt go siúlfaidís le hIain chomh fada leis an ionad campála.

‘Feicfidh muid an bhfuil aon chuma ar na lads strainséartha a tháinig isteach anocht!’ a dúirt Bríd.

‘Bhí neart lads ar an mbád, ceart go leor,’ a deir Iain agus déistin air. ‘Ach ní fhaca mé mórán cailíní ar bord.’

‘Bhuel, chomh fada is go bhfuil neart lads singile ann, beidh an bheirt againne sásta. Nach mbeidh, a Bhríd?’ a dúirt Caitriona.

‘M’anam féin go mbeidh. Ach tá mise le dhul suas chuig an teach ar dtús. Dúirt mé le Mamó nach mbeinn i bhfad.’

Ag an gcrosbhóthar a bhí siad nuair a chuala siad an ceol ar dtús. Ach ní ón óstán a bhí sé ag teacht, mar a bhíodh tráthnóntaí eile Aoine i dtús an tsamhraidh.

‘Ní minic a airíonn tú ceol amuigh faoin aer in Oileán na Leice,’ a dúirt Iain agus iontas air.

‘Ach sí Oíche Sin Seáin atá ann anocht, a Iain,’ arsa Caitriona. ‘Tá na tinte cnámh lasta cheana féin. Nár thug tú faoi deara iad?’

‘Thug ceart go leor, nuair a bhí muid ar an mbád. Ach ní raibh a fhios agam cén fáth a bhí leo. Cheap mé go raibh na peileadóirí tar éis cluiche a bhuachtáil nó rud eicínt.’

Ba ghearr go raibh ceann de na tinte cnámh le feiceáil acu thíos ar na leaca sleamhaine, ar thaobh na farraige den bhóthar. Píosa aníos ón tine, ina charnán mór millteach

níos gaire don bhóthar, chonaic siad an t-ábhar tine, ábhar ar thóg sé mí ar a laghad ar lads óga an bhaile é a bhailiú. Bhí na lasracha ag léimneach san aer anois agus fir ar a míle dícheall ag tarraingt adhmaid as an gcarnán agus á chaitheamh ar an tine le nach n-imeodh sí as. Chuala siad mná ag cur fainice ar na gasúir bheaga a bhí ag rith thart go spleodrach agus chuile scréach astu. Suite ar stóilín trí chos bhí fear an bhosca ceoil agus grúpa cailíní suite ar na leaca lena thaobh. Bhí Iain an-tógtha leis an rud ar fad.

‘A mhac go deo! Ach cén fáth nár inis tú dom faoi seo, a Chaitriona? Murach Séamas a bheith ag teacht abhaile anocht ní bheinn anseo ar chor ar bith.’

‘Cé nach raibh tú anseo riamh cheana ar Oíche Sin Seáin? Agus ar aon chaoi cheap mé go mbíonn ceiliúradh mar seo in áiteacha go leor anocht.’

‘Ní dhéarfainnse go mbíonn, a Chaitriona,’ a deir Bríd. ‘Déarfainn gur nós é atá beagnach imithe as an saol uilig. Agus an gcreidfeá, a Iain, nach raibh mise anseo riamh ar Oíche Sin Seáin. Is i mí Iúil a thagadh muid anuas i gcónaí.’

‘An mbíonn mórán craice ann, ar aon chaoi?’ a d’fhiafraigh Iain de Chaitriona.

‘Bíonn. Bíonn an-chraic ann i ndáiríre, tar éis do na gasúir bheaga a bheith curtha abhaile.’

‘Feicim go bhfuil deatach in áiteacha eile san oileán chomh maith,’ arsa Iain ansin agus é ag breathnú soir uaidh.

Mhínigh Caitriona dó go mbíonn tine chnámh ar chuille bhaile san oileán, nach mór.

‘Bhuel, ar na bailte is mó, ar aon chaoi. Bíonn sórt comórtas eatarthu. Agus ansin amach san oíche tosaíonn daoine ag spaisteoireacht, ag dul thart ó thine go tine go dtí go mbíonn sé ina mhaidneachan.’

‘Seantraidisiún?’ a d’fhiafraigh Iain di.

‘Is dóigh gurb ea. Ní inniu ná inné a thosaigh sé, ar aon chaoi.’

Rinne Iain iarracht ansin ar bhailte an oileáin a ainmniú. Bhí siad anois ar Bhaile na Leice, a dúirt sé. Ar an taobh eile díobh bhí Creig an Teampaill, ina dhiaidh sin Baile an tSagairt, Baile na Cille agus an Mhainistir. Agus ar an taobh thiar den oileán ar fad, bhí Baile an Dúna, áit a raibh an seandún a mbíodh an oiread spéise ag na turasóirí ann.

‘Nach in iad ar fad?’

Ach mheabhraigh Caitriona dó go raibh cúpla baile fágtha amach aige. Dar léise, bhí dhá bhaile eile ann — Baile an Chlochair, a bhí díreach taobh thoir de Chreig an Teampaill, agus baile beag bídeach, a raibh an Móinín Dubh air.

‘Drochrath air! Bhí mé siúrálte go raibh siad ar fad agam!’ a dúirt Iain.

‘Ach bheadh carr ó dhuine, nach mbeadh?’ a deir Bríd, ‘le dhul chomh fada leis na tinte cnámh eile.’

D’aontaigh Iain go mbeadh. Ach dúirt Caitriona

nach raibh an t-oileán chomh mór is nach bhféadfaí na bailte a shiúl. Cé go bhfuil fiche míle cearnach nó mar sin in Oileán na Leice, tá píosa mór den oileán nach bhfuil duine ar bith ina chónaí ann. Níl foirgneamh d'aon chineál sa bpíosa seo. Níl ann ach leaca loma aolchloiche ar shéid an ghaoth gaineamh agus cré díobh i bhfad ó shin. De bharr rialacha caomhnaithe, atá leagtha síos ag Aontas na hEorpa le fada, níl cead teach — ná cró féin — a thógáil sa gcuid seo den oileán, ná aon fheabhas a chur ar an talamh ann. Fágann sé seo nach bhfuil tithe cónaithe an oileáin chomh fada ó chéile agus a cheapadh duine ar dtús.

‘Agus nach dtuigeann sibh, ar aon chaoi, gur cuid den chraic é a bheith ag siúl na mbóithre Oíche Sin Seáin, ag castáil le daoine eile atá ar an ealaín chéanna,’ a dúirt Caitriona. ‘Ach rinne mé dearmad gur *townies* atá sa mbeirt agaibhse. Ní bheadh ceachtar agaibh in ann dó! Lucht na mbailte móra! Níl a fhios agam cad chuige ar thug Dia cosa dhóibh!’

‘Ha! Ha!’ a deir Iain. ‘Tá tú chomh barúil is a bhí tú riamh, a Chaitriona Ní Fhlatharta! Ach tá carranna ag na lads óga ar fad anois. Déarfainn go mbeadh sé éasca go leor síob a fháil dá dteastódh ceann uainn.’

‘Is dóigh go mbeadh,’ a deir Caitriona. ‘Dá dteastódh ceann uaibh.’

D’fhan siad scaitheamh ag faire ar an tine chnámh. Ach ansin dúirt Bríd nár mhór di féin a bheith ag

bogadh. D'fheicfeadh sí níos deireanaí iad san ionad campála, a dúirt sí. Bhí sí ag súil le bheith ar ais faoin am a mbeadh chuile cheo socraithe ag Iain.

Nuair a bhí Bríd imithe léi thosaigh Iain agus Caitriona ag siúl go dtí an t-ionad campála. Tráthnóna aoibhinn a bhí ann. Bhí léargas breá acu anois ar Chontae an Chláir ar thaobh amháin den chuan agus ar chósta Chois Fharráige ar an taobh eile. Cé go raibh sé leathuair tar éis a hocht cheana féin bhí chaon liú le cloisteáil acu ó na páistí beaga a bhí fós ar thrá an oileáin, iad ag lapadaíl go ríméadach i mbéal an taoille. Thug an bheirt suntas freisin do na daoine fásta a bhí ag tumadh de na hailltreacha ar cheann thoir na trá agus iad beag beann ar an mbád farantóireachta a bhí ag seoladh thar bráid, ag tabhairt an chuid deireanach de thurasóirí an lae sin ar ais go céibh Dhúlainn i gContae an Chláir.

‘An bhfuil a fhios agat nach féidir an t-oileán seo a bhualadh? Níl áit sa tír níos deise ná é,’ a deir Iain le Caitriona.

‘Is aoibhinn le chuile dhuine an áit seo, a Iain, nuair a bhíonn an aimsir go breá,’ ar sise.

‘Mhairfinnse anseo am ar bith den bhliain.’

‘Sin é a cheapann tú, ach dá mbeifeá anseo ar feadh an gheimhridh, scéal eile ar fad a bheadh agat.’

Níor dhúirt Iain tada ach bhí a fhios aige ina chroí istigh go raibh dul amú ar Chaitriona.